

Clársceidealú Ilbhliantúil 2023-2025

Clár Oibre 2023
Achoimre



Support is our Mission





Doiciméad Clársceidealaithe Aonair EUAA

Clársceidealú Ilbhliantúil 2023-2025 Clár Oibre 2023

Achoimre

Le haghaidh an leagain iomláin i mBéarla, féach SPD 2023-2025 arna ghlacadh ag an mBord Bainistíochta an 27 Meán Fómhair 2022 agus arna leasú an 19 Nollaig 2022 agus arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta <https://euaa.europa.eu/about-us/governance-and-internal-control>.



Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Ullmhaíodh an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair (SPD) 2023-2025 de bhun FR 2018/1046, FFR Uimh. 2019/715 agus ghlac an Bord Bainistíochta é an 27 Meán Fómhair 2022 agus leasaíodh é an 19 Nollaig 2022, agus tá sé ar fáil ag <https://euaa.europa.eu/about-us/governance-and-internal-control>.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

PDF: ISBN 978-92-9403-267-6 doi: 10.2847/615451

BZ-04-22-324-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2022
Grianghraf Cumhdaigh: Ceanncheathrú Mhálda EUAA, ©2022

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.



Clár na nÁbhar

Réamhrá	3
Roinn I. Comhthéacs Ginearálta	4
Roinn II Clársceidealú Ilbhliantúil 2023-2025	7
1 Clár Oibre Ilbhliantúil	7
1.1 Tacaíocht Oibriúcháin	7
1.2 Eolas Tearmainn	7
1.3 Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil	8
1.4 Gníomhaíochtaí Cothrománacha agus Rialachais	8
Roinn III. An Clár Oibre Bliantúil 2023	9
1 Achoimre Feidhmiúcháin	9
2 Gníomhaíochtaí	11
2.1 Cúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil	11
2.1.1 An Iodáil	11
2.1.2 An Ghréig	11
2.1.3 An Chipir	12
2.1.4 Málta	12
2.1.5 An Spáinn	13
2.1.6 An Chéad Fhreagairt Oibríochtúil agus Gníomhaíochtaí Oibríochtúla Eile	14
2.1.7 Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil	14
2.2 Tacaíocht oibríochtúil, clársceidealú, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí	15
2.2.1 Bainistíocht Imscartha agus Feidhmíochta	15
2.2.2 Clársceidealú Oibríochtaí	16
2.3 Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil	16
2.3.1 An EAC a Dhearadh agus a Fhorbairt	16
2.3.2 Oiliúint EUAA a chur i gcrích	16
2.3.3 An Creat um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna a Chur Chun Feidhme	17
2.3.4 Éiceachóras Teicneolaíochta Foghlama atá dírithe ar an Úsáideoir a chur i bhfeidhm	18
2.4 Eolas Tearmainn	18
2.4.1 Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh agus Treoir do Thíortha	18
2.4.2 Feasacht Staide	19
2.4.3 Comhar agus Treoir maidir le Tearmann agus Glacadh	19
2.4.4 Faireachán a dhéanamh ar Chur i bhFeidhm Oibríochtúil agus Teicniúil CET	20
2.5 Cearta bunúsacha a chosaint	20
2.6 Gníomhaíochtaí Cothrománacha	21
2.6.1 An Fóram Comhairliúcháin agus an tSochaí Shibhialta	21
2.6.2 Rialachas	21
2.6.3 Tacaíocht Tríú Tír	22
2.6.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	23
Iarscríbhinn I Cairt Eagraíochta	24
Iarscríbhinn II Leithdháileadh Acmhainní in aghaidh na Gníomhaíochta	25



Réamhrá

Tháinig Rialachán nua (AE) 2021/2303 lena n-athraítear EASO go Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann i bhfeidhm an 19 Eanáir 2022, rud atá ina chloch mhíle thábhachtach i stair na Gníomhaireachta, maidir liomsa, leis an Aontas Eorpach (AE) agus leis na Ballstáit. Cuireadh an sainordú nua ar a chéad fhíorthástáil in 2022 nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin agus i bhfianaise a thionchair ar an Aontas Eorpach. Cé is moite de mhéid an dúshláin sin, bhí roinnt Ballstát fós ag bainistiú na n-éifeachtaí leanúnacha a eascraíonn as forbairtí san Afganastáin agus as ionstraimiú na himirce ag an mBealarúis, gan trácht ar an mbrú leanúnach tearmainn i ndáil le bealaí imirce eile. Tháinig méadú as cuimse arís ar an ngá le tacaíocht ón nGníomhaireacht, agus tá bród orm gur éirigh linn freagairt go héifeachtach, agus sinn ullamh don staid dhúshlánach seo a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh go dtí 2023. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an éifeacht a d'eascair as géarchéim na hÚcráine ar réigiúin eile ar domhan, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilleadh rabhartaí imirce in 2023. Cuireann an sainordú nua ar ár gcumas níos mó tacaíochta agus tacaíocht níos fearr a chur ar fáil agus freastal ar riachtanais agus ionchais atá ag dul i méid i gcónaí, agus léiríonn sé tiomantas do luachanna an AE i réimse na cosanta idirnáisiúnta.



I gcás na Gníomhaireachta, cuimhneofar ar 2022 mar an bhliain idirthréimhse chuig EUAA. Tá dul chun cinn maith déanta sna hullmhúcháin agus sa bhunobair chun an sainordú a chur i ngníomh i roinnt réimsí. Mar sin féin, leanfaidh an t-aistriú sin ar aghaidh go dtí 2023, go háirithe sna réimsí a bhaineann le monatóireacht agus le bunú fheidhm na nOifigeach Idirchaidrimh. Ina theannta sin, déanfar bearta breise i réimse na gceart bunúsach chun an sásra gearán a sheoladh agus chun ról an Fhórait Chomhairliúcháin a fheabhsú. Rachaidh an obair ar Acadamh Oiliúna EUAA agus ar an oiliúint speisialaithe a bhaineann leis chun cinn a thuilleadh. Díreofar go speisialta ar ár ngníomhaíochtaí tacaíochta lena áirithiú go mbainfear an leas is mó is féidir as an sainordú nua chun tairbhe gach duine.

Tá EUAA tiomanta leanúint den tacaíocht is gá a chur ar fáil, laistigh dá shainordú leathnaithe, cibé acu a bhaineann sí lena chumas feabhsaithe chun tacú leis na Ballstáit atá faoi réir bhrú díréireach, le cúnamh oibríochtúil agus teicniúil treisithe, le Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI) agus treoir do thíortha chun cóineasú níos airde a bhaint amach maidir le hiarratais ar thearmann a phróiseáil, le feachtas staide chun luathrabhadh agus ullmhacht a fheabhsú, le cruinnithe comhair praiticiúla maidir le planáil theagmhasach i ndáil le tearmann agus glacadh agus bainistiú géarchéime, le comhordú agus tacaíocht mhéadaithe d'iarrachtaí athlonnaithe, nó le cur chuige uile-bhealaigh a imscaradh chun oiliúint speisialaithe agus forbairt acmhainneachta a chur ar fáil. Is léir, áfach, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais de dhíth ar an nGníomhaireacht chun go mbeidh sí in ann a sainordú nua a chur i gcrích. Cé go n-aithním go hiomlán na dúshláin, táim ag tnúth le 2023 agus le Clár Oibre na Gníomhaireachta a chur chun feidhme, clár a bhfuilim cinnte de go ndéanfaidh sí an Gníomhaireacht a threisiú tuilleadh mar phríomh-chomhpháirtí maidir le feidhmiú feabhsaithe an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET).

Nina Gregori
Stiúrthóir Feidhmiúcháin



Roinn I. Comhthéacs Ginearálta

Comhthéacs beartais

Is príomhthosaíocht bheartais san AE i gcónaí é CET athléimneach a fhorbairt agus braitheann sé go mór ar mhalartú faisnéise agus ar fheasacht staide. In 2016, d’eisigh an Coimisiún Eorpach seacht dtogra reachtacha lena ndéantar athbhreithniú ar CET. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gcaibidlíocht maidir le go leor de na tograí sin. An 23 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún Eorpach a Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann i láthair. Tháinig an Rialachán lena ndéantar EASO a chlaohlú ina EUAA i bhfeidhm an 19 Eanáir 2022. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur dócha go mbeidh tionchar ag na tograí reachtacha eile faoin gComhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann ar obair na Gníomhaireachta a luaithe is a ghlacfar iad. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil plé ar na tograí sin fós faoi réir caibidlíochta, ní chuirtear san áireamh iad chun críocha an doiciméid seo. Idir an dá linn, táthar ag súil go leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an tsásra dlúthpháirtíochta dheonaigh atá beartaithe sa Dearbhú maidir leis seo a leanas *‘An chéad chéim chun an Comhaontú Eorpach maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme de réir a chéile: modus operandi de shásra dlúthpháirtíochta deonach’*.

Tá tionchar bunúsach ag athruithe suntasacha i dtíortha agus i réigiúin tionscnaimh a mbíonn tionchar acu ar thimpeallachtaí cosanta ar an obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta, agus ag an mbrú ar chórais náisiúnta tearmainn a eascraíonn as gluaiseachtaí daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu. Mar gheall ar an meath tapa ar an staid san Afganastáin, as ar tháinig táthcheangal an Talaban le linn shamhradh 2021, bhí dúshláin ann do tíortha comharsanachta na hAfganastáine, ar tíortha idirthurais iad *en route* chuig an AE. I ndeireadh na dála, bhí ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar líon méadaithe iarratas ar thearmann ón Afganastáin. Thairis sin, mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, bhí tírdhreach cosanta éagsúil fós san AE agus ina chomharsana. Tá na milliún duine tar éis teitheadh ón Úcráin cheana féin, agus tá an-chuid acu tagtha isteach san AE. Chuir Comhairle an AE an Treoir um Chosaint Shealadach 2001 i ngníomh go tapa chun an chosaint is gá a áirithiú dóibh siúd atá ag teitheadh, gan stad a chur le córais tearmainn. Sheol an Coimisiún Eorpach roinnt tionscnamh, amhail an t-ardán dlúthpháirtíochta do gach taobh chun faisnéis a mhalartú a bhaineann le géarchéim na hÚcráine chomh maith leis an tionscnamh Bailte Sábháilte [Safe Homes] chun treoir a chur ar fáil maidir le cóiríocht a sholáthar dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón Úcráin. Iarradh ar an nGníomhaireacht cheana féin tacaíocht a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na mBallstát sin a bhfuil líon ard daoine ag teacht isteach iontu agus tíortha comhpháirtíochta sa ghné sheachtrach. Ag brath ar an gcaoi a bhforbrófar an staid san Úcráin, d’fhéadfaí a bheith ag súil go gcuirfeadh an Ghníomhaireacht tacaíocht ar fáil, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, in 2023, maidir le Ballstáit a bhfuil líon mór daoine ag teacht isteach iontu agus maidir le tríú tíortha sa ghné sheachtrach de CET.

Príomhbhoinn tuisceana pleanála do 2023

Tá SPD 2023-2025 bunaithe ar na toimhdí pleanála seo a leanas:

- Is é is dóichí go dtiocfaidh méadú suntasach ar phríomhghníomhaíochtaí gnó mar gheall ar chúraimí breise, raon feidhme agus líon na ngníomhaíochtaí nó go bhfanfaidh siad ar an leibhéal céanna ar a laghad agus a bhí ann in 2022, in éagmais géarchéimeanna nua imirce. Glactar leis go leanfar de thionchar ionsaí na Rúise ar an Úcráin a bhrath agus go mbeidh gá le tacaíocht ón nGníomhaireacht freisin in 2023, lena n-áirítear rannpháirtíocht i dtionscnaimh éagsúla de chuid an Choimisiúin a



bhaineann leis an ngéarchéim seo laistigh de shainchúram shainordú na Gníomhaireachta;

- Rinneadh an **buiséad do 2023** a mhéadú le EUR 3,000,000, arna ghlacadh ag an údarás buiséadach an 23 Samhain 2022, arb ionann é agus EUR 180.1 milliún de bhuiséad bliantúil dá bhrí sin;
- Gheobhaidh an Gníomhaireacht **poist nua in 2023 agus in 2024** le haghaidh cúraimí breise a chuirfear le Rialachán EUAA le linn caibidlíocht comhreachtóra.

Tosca seachtracha agus inmheánacha a mbíonn tionchar acu ar an gclársceidealú ilbhliantúil in 2023

- Rinneadh an **buiséad do 2023** a mhéadú le EUR 3,000,000, arna ghlacadh ag an údarás buiséadach an 23 Samhain 2022. Mar thoradh ar chúraimí breise, déanfar measúnuithe ar riachtanais agus ar iarratais ar bhuiséad breise agus ar bhaill foirne bhreise ina dhiaidh sin.

Maolú: Rachaidh an Gníomhaireacht i mbun plé leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an údarás buiséadach chun a áirithiú go gcuirfear buiséad agus foireann leordhóthanach ar fáil don Gníomhaireacht i gcomhréir le measúnú riachtanais na Gníomhaireachta.

- **Cistí teagmhasacha** neamhleora i mbuiséad na Gníomhaireachta chun maoiniú iarratas gan choinne ar thacaíocht oibríochtúil agus theicniúil a chumhdach. Ní mór don Gníomhaireacht a bheith solúbtha i gcónaí chun dul in oiriúint go tapa i ndáil le fachtóirí seachtracha nach féidir a thuar agus a leanann de thionchar a imirt ar an imirce. Is réamhchoinníoll tábhachtach é buiséad agus soláthar foirne a bheith ar fáil chun freagairt thráthúil a áirithiú.

Maolú: Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach chun roghanna a shainaithint le haghaidh cásanna maoinithe ina n-éilítear mear-idirghabháil oibríochtúil nó mórchaiteachas oibríochtúil gan choinne, amhail cistí cultaca éigeandála a chur ar leataobh laistigh de bhuiséad na Gníomhaireachta.

- D'fhéadfadh **géarchéimeanna atá ag teacht chun cinnteorainn** a chur le cumas na Gníomhaireachta a clár oibre a chur i gcrích ina iomláine.

Maolú: Déanfaidh an Gníomhaireacht faireachán leanúnach ar chur chun feidhme a cuid gníomhaíochtaí, déanfaidh sí na coigeartuithe is gá agus déanfaidh sí infheistíocht i réitigh nuálacha chun leanúint de na gníomhaíochtaí agus na cláir atá beartaithe aici a chur i gcrích. I gcás géarchéimeanna tobanna gan choinne agus éigeandálaí oibríochtúla, déanfaidh an Gníomhaireacht athbhreithniú ar a cumais agus ar a tosaíochtaí freagartha, lena n-áiríteofar príomhghníomhaíochtaí gnó, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na dúshláin nua agus ar na ceanglais freagartha nua. Féachfaidh an Gníomhaireacht ar acmhainní comhlántacha a leithdháileadh, i gcás inarb indéanta agus inar gá, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, agus ar oibríochtú cistiúcháin theagmhasaigh.

- Tá **saineolaithe ó na Ballstáit** riachtanach le haghaidh oibríochtaí agus leanfaidh an Gníomhaireacht de na hainmniúcháin uasta is féidir a áirithiú, lena n-áirítear don Díorma um Idirghabháil Tearmainn (AIP) agus don Díorma nua Ionadaithe Tearmainn (ARP). Déanfar athbhreithniú ar úsáid sásraí imscartha comhlántacha solúbtha agus scála, cineál agus saintréithe gach comhthéacs oibríochtúil á gcur san áireamh. Leis sin, beifear in ann oibríochtaí a mhéadú agus a laghdú go tapa agus leanúnachas gnó a áirithiú. Feabhsóidh imscaradh níos fadtéarmaí, cumas pleanála agus seachadta níos fearr, uirlisí agus modhanna oibre nua, agus riarachán laghdaithe, éifeachtúlacht freisin.



Maolú: Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith i dteagmháil leis na Ballstáit trí Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna), tríd an mBord Bainistíochta (MB) agus trí na hairí faoi seach atá freagrach as tearmann sna Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar saineolaithe a ainmniú go leordhóthanach do AIP agus don ARP. Déanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú agus cinneadh ar úsáid sásraí imscartha comhlántacha i gcás inar gá chun gealltanais thacaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta do na Ballstáit a chomhlíonadh.





Roinn II Clársceidealú Ilbhliantúil 2023-2025

1 Clár Oibre Ilbhliantúil

1.1 Tacaíocht Oibriúcháin

1.1.1 Tacaíocht oibriúcháin do na Ballstáit

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA01	
Tuairisc ar an gcuspóir	Cúnamh díreach oibríochtúil agus teicniúil, lena n-áirítear tacaíocht éigeandála, a mheasúnú, a chur in ord tosaíochta, a phleanáil, a chur chun feidhme, agus a mheas go héifeachtach, ar bhonn buiséid formheasta, straitéisí soiléire maidir le hiontráil, imeacht agus inbhuanaitheacht, i gcomhréir le sainordú na Gníomhaireachta, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát freagairt do bhrú díreireach ar a gcórais tearmainn agus glactha agus a n-oibleagáidí faoin CEAS a chur chun feidhme.
Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA02	
Tuairisc ar an gcuspóir	Córais agus uirlisí oibríochtúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun solúbthacht a áirithiú (freagairt mhear, uas-scálú agus íos-scálú), éifeachtacht agus éifeachtúlacht na tacaíochta oibríochtúla agus an bhainistithe imscartha.

1.1.2 Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA03	
Tuairisc ar an gcuspóir	Feabhas a chur ar chur chun feidhme na gclár um athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil ag tíortha AE+.

1.2 Eolas Tearmainn

1.2.1 COI, COI Leighis (MedCOI) agus Treoir do Thíortha

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA04	
Tuairisc ar an gcuspóir	Cur leis an úsáid a bhaintear as táirgí EUAA COI, MedCOI agus Treoir do Thíortha chun a dtionchar ar phróisis chinnteoireachta thíortha AE+ a mhéadú agus chun cóineasú a chothú.

1.2.2 Feasacht Staide

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA05	
Tuairisc ar an gcuspóir	Punann feasachta staide na Gníomhaireachta maidir le cur chun feidhme Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET), staid an tearmainn agus an tacaíocht oibríochtúil a chuirtear ar fáil a chomhdhlúthú, a leathnú agus a éagsúlú tuilleadh, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rochtain na bpáirtithe leasmhara ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar anailísí ábhartha, agus trí shástacht na n-úsáideoirí a chothabháil, agus anailísí agus seirbhísí a chur ar fáil go poiblí nuair is úsáideach agus nuair is féidir.

1.2.3 Comhar agus Treoir maidir le Tearmann

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA06	
Tuairisc ar an gcuspóir	Ag tógáil ar thorthaí meastóireachta seachtraí (2022), tá méadú tagtha ar thionchar agus ar úsáid threoracha agus uirlisí praiticiúla na



	<p>Gníomhaireachta. Déantar an aird chuí ar leochaileacht agus ar cháilíocht a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Spreagtar agus tionscnaítear nuálaíocht dhigiteach sa tearmann agus sa ghlacadh le linn ghníomhaíochtaí na líonraí téamacha chun próisis a dhéanamh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus ar chaighdeán níos airde.</p> <p>Baintear leas iomlán as sineirgí idir páirtithe leasmhara uile an tslabhra tearmainn agus glactha agus CSOnna agus urraim á tabhairt do neamhspleáchas gach ceann de na páirtithe.</p>
--	--

1.2.4 Faireachán ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET

Cuspóir Straitéiseach Ilbhliantúil: MA07	
Tuairisc ar an gcuspóir	Rannchuidiú le cur chun feidhme ceart agus éifeachtach an dlí tearmainn agus chaighdeán an CET trí faireachán a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil.

1.3 Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA08	
Tuairisc ar an gcuspóir	<p>Tacaíocht oiliúna agus forbartha acmhainneachta a fhorbairt agus a chur ar fáil d'oifigigh tearmainn agus ghlactha, lena n-áirítear in údaráis náisiúnta na mBallstát atá faoi bhrú díreireach, tríd an gCuraclam Eorpach Tearmainn (EAC), rud a chuirfidh ar a gcumas an t-eolas, na scileanna, an fhreagracht agus an neamhspleáchas ábhartha a fháil chun a ndualgais agus a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.</p> <p>Tacaíocht oiliúna a chur ar fáil do shaineolaithe a ghlacann páirt i ASTanna i bhfianaise a n-imscartha sna Ballstáit óstacha as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibríochtúla arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht.</p>

1.4 Gníomhaíochtaí Cothrománacha agus Rialachais

Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA09	
Tuairisc ar an gcuspóir	Rialachas treisithe agus feidhmeanna na gceart bunúsach a chosaint i gcur chun feidhme CET, cumarsáid shaincheaptha agus ardleibhéal comhair agus comhordaithe le páirtithe leasmhara.
Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA10	
Tuairisc ar an gcuspóir	Cur chun feidhme na gné seachtraí de CET a fheabhsú trí thacú le forbairt acmhainní tríú tíortha i réimse na cosanta idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an Straitéis um Chomhar Seachtrach (ECS).
Cuspóir straitéiseach ilbhliantúil: MA11	
Tuairisc ar an gcuspóir	An digitíú agus cleachtais bainistithe faisnéise a threisiú chun tacú leis an athrú leanúnach eagraíochtúil. Teicneolaíocht a ghíaráil trínár gcuid faisnéise a phleanáil, a chomhtháthú agus a dhaingniú i gceart.





Roinn III. An Clár Oibre Bliantúil 2023

1 Achoimre Feidhmiúcháin

In 2023 is dócha go leanfar leis an ngá atá le tacaíocht mhéadaithe ón nGníomhaireacht a bhaineann leis an ngéarchéim san Úcráin agus leis an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aici ar réigiúin eile ar domhan, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilleadh rabhartaí imirce. Leanfaidh an Gníomhaireacht dá **cumas oibríochtúil agus teicniúil agus dá céad fhreagairt oibríochtúil agus a cumas ullmhachta** a neartú. Príomhréimse tosaíochta a bheidh ann go leanúnach is ea an cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chuirfear ar fáil do na Ballstáit atá faoi bhrú díréireach ar a gcórais tearmainn agus ghlactha, arna gcur ar fáil i gcomhréir leis na pleananna oibríochtúla (OP) a comhaontaíodh. Coinneofar tacaíocht oibríochtúil shonrach chun CET a chur chun feidhme trasna tearmainn agus glactha agus oibríochtaí sna teophointí. Leanfaidh an Gníomhaireacht dá cumas soláthair oibríochtúil agus a hacmhainní pleanála agus teagmhasacha a athbhreithniú agus a fheabhsú. Déanfaidh sí tacaíocht oibríochtúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme bunaithe ar chreataí éifeachtúla feidhmiúla bainistithe tionscadal agus ar chórais oibríochtúla. Rannchuideoidh an Gníomhaireacht le ról an AE a neartú maidir le **hAthlonnú agus ligean isteach ar Fhoras Daonnúil**, trí thacaíocht a thabhairt do thíortha AE+ i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Leanfaidh an Gníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na hoiliúna agus d'fhorbairt na n-uirlisí oibríochtúla a úsáidfídh tíortha AE+ atá ag gabháil do chláir um Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil agus éascóidh sí pleanáil agus cur chun feidhme Conairí Comhlántacha don chosaint idirnáisiúnta.

I réimse na **faisnéise ar thearmann**, leanfaidh an Gníomhaireacht de chúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus de chóineasú a chothú i measúnú na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, mar aon le gníomhaíochtaí chóras COI AE agus gníomhaíochtaí MedCOI a fhorbairt agus a chomhdhlúthú. Cuirfear faisnéis chuimsitheach ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir maidir le cur chun feidhme CET agus le hanailís ghaolmhar. Déanfar bainistiú straitéiseach sonraí a chothabháil agus a neartú, lena n-áirítear an anailísíocht réamhfháistineach trí úsáid a bhaint as olltíomsú sonraí agus as meaisínfhoghlaim. Cuirfear comhar téamach maidir le tearmann chun cinn trí líonraí gairmiúla d'údaráis tearmainn agus ghlactha na mBallstát, chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, saineolas a chomhthiomsú, agus uirlisí agus treoir ar leith a fhorbairt. Cuirfear chun cinn idirphlé breithiúnach i réimse an tearmainn agus feabhsú gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla do chomhaltaí cúirteanna agus binsí.

Cuirfear **oiliúint agus forbairt ghairmiúil** ar fáil go leanúnach chun tacú le forbairt acmhainneachta, go háirithe d'údaráis náisiúnta sna Ballstáit atá faoi réir bhrú díréireach. Cuirfear sainchúrsaí téamacha ar fáil do shaineolaithe na mBallstát atá á n-implonú ag an nGníomhaireacht, agus do bhaill foirne na Gníomhaireachta í féin freisin. Déanfar céimeanna breise chun EAC a dheimhniú agus a chreidiúnú. Neartóidh an Gníomhaireacht dearadh agus bonneagar an chórais bainistíochta ríomhfhoghlama, a fheidhmíonn mar fhoinsé aonair faisnéise.

Leanfar den **chomhar le húdaráis tríú tíortha** d'fhonn caighdeán an AE maidir le tearmann agus glacadh a chur chun cinn agus d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí beartais uile-AE chun idirphlé agus comhar le tríú tíortha a chur chun cinn, chun oibriú i gcomhpháirtíocht agus chun dul i ngleic le dúshláin choiteanna go comhpháirteach. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag comhoibriú le **páirtithe leasmhara institiúideacha** agus le gníomhaithe eile sa réimse, agus trí Oifigigh Idirchaidrimh (Lonna) a imscaradh freisin. Déanfaidh an



Ghníomhaireacht tuilleadh forbartha ar a caidreamh dearfach le hionadaithe **na sochaí sibhialta** i réimsí éagsúla dá cuid oibre trí chomhairliúcháin spriocdhírthe, trí thrédhearcacht agus trí ghníomhaíochtaí for-rochtana. Déanfar iarrachtaí saincheaptha chun **rialachas** agus gnéithe rialaithe inmheánaigh a threisiú tuilleadh.





2 Gníomhaíochtaí

2.1 Cúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil

2.1.1 An Iodáil

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 12,742,800 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Iodáil)	EUR 9,762,306 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Iodáil)
Acmhainní daonna	8 TA, 13 CA & SNE	8 TA, 34 CA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhearta tacaíochta a chur chun feidhme faoin gClár Oibríochtúil (OP) Ilbhliantúil 2022-2024 a comhaontaíodh don Iodáil. Cuirfear tacaíocht oibríochtúil don Iodáil ar fáil d'oifigi lárnaigh agus áitiúla na n-údarás tearmainn agus glactha. I gcomhréir leis an OP agus bunaithe ar na moltaí a thagann as na meastóireachtaí seachtracha, leanfaidh an Ghníomhaireacht de na nithe seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Cloí le loighic éigeandála, i ndáil le teagmhais ad hoc amhail díbhordáil oibríochtaí cuardaigh agus tarthála (SAR) nó riaráiste faoi dheireadh ag an gcéad céim; - Tacú le comhchuibhiú na gcóras agus na nósanna imeachta náisiúnta tearmainn agus glactha, lena n-áirítear na sásraí faireacháin cáilíochta laistigh de na córais tearmainn agus glactha a mhionchoigeartú agus a chur chun feidhme; - Tacú le riaráiste a bhainistiú/a laghdú ag an dara céim, i bhfianaise deireadh a chur de réir a chéile ó thacaíocht dhíreach i ndáil le laghdú riaráistí ag an dara céim faoi dheireadh 2023; - Tacaíocht struchtúrtha um fhorbairt acmhainneachta a chur ar fáil d'údarais lárnaigh agus áitiúla, lena n-áirítear gníomhaithe ábhartha glactha agus tearmainn, ar bhonn loighic an chomhdhlúthaithe; - A tacaíocht a leathnú maidir le faisnéis a sholáthar agus iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint chun rochtain ar na nósanna imeachta tearmainn agus glactha a áirithiú; - Tacú le cur chun feidhme an phróisis um Athshocrú Deonach (VR); - Tacú le cur chun feidhme na Treorach um Chosaint Shealadach (TPD). 		

2.1.2 An Ghréig

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 36,477,700 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Ghréig)	EUR 46,386,254 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Ghréig)
Acmhainní daonna	12 TA, 7 CA & SNE	14 TA, 5 CA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Is iad an éiginnteacht maidir le sreafaí imirce agus an timpeallacht pholaitiúil agus oibríochtúil atá ag athrú fós na príomhdhúshláin atá roimh obair na Gníomhaireachta sa Ghréig. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhearta tacaíochta a chur chun feidhme faoin OP ilbhliantúil 2022-2024 a comhaontaíodh don Ghréig. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil don Ghréig i réimsí an tearmainn agus an ghlactha, ar leibhéal lárnaigh agus ar fud na móirthíre agus ar na hoileáin. Beidh an Ghníomhaireacht i láthair go hoibríochtúil ar chúig oileán Aeigéacha, agus san Aithin, Thessaloniki agus i níos mó ná 30 ionad saoráidí glactha dara líne ar an móirthír. Tugann an Ghníomhaireacht aird freisin ar a freagrachtaí maidir le Ráiteas AE-An Tuirc agus coinneoidh sí an cumas chun</p>		



freagairt de réir mar is gá d'iarraitais a bhíonn ag teacht chun cinn. Faoi réir threocht leanúnach de líonta ísle daoine a bhíonn ag teacht isteach le linn 2022 agus 2023, leanfaidh an Gníomhaireacht de thacaíocht a laghdú do Sheirbhís Tearmainn na Gréige (GAS), ag díriú go príomha ar thacaíocht institiúideach do phearsanra GAS chomh maith le forbairt acmhainní spriocdhírthe. I ndeireadh na dála, is é an cuspóir a bheidh ann leanúint le haistriú tráthúil, pleanáilte, céimnithe gníomhaíochtaí chuig an GÁS. Ag an am céanna, mhéadaigh an Gníomhaireacht a tacaíocht don tSeirbhís Glactha agus Aitheantais (RIS) agus í ag cabhrú léi a sainordú leathnaithe a chur i gcrích. Soláthróidh an Gníomhaireacht tacaíocht borrrtha solúbtha i gcás riachtanas méadaithe, maidir le tearmann agus glacadh araon. Tacóidh an Gníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta chun TPD a chur chun feidhme i gcás inar gá agus trí acmhainní inmheánacha a athshannadh agus tabharfaidh sí tacaíocht do chur chun feidhme na bpróiseas VR a bhaineann leis an sásra comhair/leis an dlúthpháirtíocht i measc Bhallstáit an AE.

2.1.3 An Chipir

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 12,133,850 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Chipir)	EUR 5,354,631 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Chipir)
Acmhainní daonna	6 TA, 10 CA & SNE	6 TA, 26 CA

Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht

Leanfaidh an Gníomhaireacht de bhearta tacaíochta a chur chun feidhme faoin OP ilbhliantúil do 2022-2024 a comhaontaíodh maidir leis an gCipir. I gcomhthéacs sreafaí imirce leanúnacha sa Mheánmhuir Thoir, cuirfear tacaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta ar fáil do na príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta. Chuige sin, beidh cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá beartaithe chun tacú go straitéiseach le Seirbhís Tearmainn na Cipire (CAS) i bpleanáil, i gcomhordú agus i mbainistiú na seirbhísí náisiúnta tearmainn agus glactha, chun riaráiste an chéad chéim agus an dara céim a laghdú agus chun tacú le húdaráis na Cipire an Straitéis Glactha náisiúnta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, coinneoidh an Gníomhaireacht tacaíocht imscartha ar bun chun iarraitais a phróiseáil ag an gcéad chéim i gcomhordú le CAS agus tacóidh sí le gníomhaíochtaí rialta lena gcinntítear caighdeán cháilíochta an AE maidir le tearmann agus glacadh. Ag tógáil ar idirghabhálacha a rinneadh roimhe seo chun cabhrú leis an gCúirt Riaracháin um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAC) sa Niocóis, tacóidh an Gníomhaireacht le comhdhlúthú chumas na cúirte agus le hionsú riaráiste cásanna an dara céim. Cuirfidh an Gníomhaireacht tacaíocht ar fáil chun leasú a dhéanamh ar SOPanna, nósanna imeachta oibre agus sreafaí oibre ábhartha a bhaineann le tearmann agus glacadh. Féachann an Gníomhaireacht freisin chun leanúint d'fhorbairt acmhainneachta struchtúracha na ngníomhaithe tearmainn agus glactha sa Chipir maidir le príomh-shaincheistean: tacaíocht leanúnach i gcur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Glactha sa Chipir, feabhsú cáilíochta i gcomhréir le caighdeán CET maidir le clárú agus rochtain ar nós imeachta, ag an gcéad chéim agus ag an dara céim. Tacóidh an Gníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta chun TPD a chur chun feidhme agus tabharfaidh sí tacaíocht do chur chun feidhme na bpróiseas VR a bhaineann leis an sásra comhair/leis an dlúthpháirtíocht i measc Bhallstáit an AE.

2.1.4 Málta

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 6,013,000 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - Málta)	EUR 4,929,642 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - Málta)



Acmhainní daonna	2 TA, 1 CA	3 TA, 2 CA & SNE
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhearta tacaíochta a chur chun feidhme faoin OP 2022-2024 ilbhliantúil a comhaontaíodh do Mhálta. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar an tacaíocht d'údaráis Mhálta i gcomhréir le laghdú réamh-mheasta ar riaráistí sa phróiseáil tearmainn in 2022, rud a cheadóidh don Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Chosaint (IPA) a cumas próiseála a threisiú. Tá an Ghníomhaireacht ag súil go leanfaidh sí de bheith ag tacú leis an nglacadh, nuair a bheidh tacaíocht do mheasúnú leochaileachta agus d'obair shóisialta curtha i gcrích aici. Féadfaidh an Ghníomhaireacht tacaíocht bhreise a thabhairt do thrí réimse eile: an riaráiste a laghdú ag an gcéad chéim dá dtiocfadh méadú ar líon na ndaoine atá ag teacht isteach; an staid maidir le dearbhú cáilíochta agus sreafaí oibre COI; agus tacaíocht don dearbhú cáilíochta maidir le glacadh. Tacóidh an Ghníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta chun TPD a chur chun feidhme agus tabharfaidh sí tacaíocht do chur chun feidhme na bpróiseas VR a bhaineann leis an sásra comhair/leis an dlúthpháirtíocht i measc Bhallstáit an AE.</p>		

2.1.5 An Spáinn

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 3,550,000 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Spáinn)	EUR 715,529 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil - an Spáinn)
Acmhainní daonna	4 TA, 2 CA & SNE	4 TA, 1 CA & SNE
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Le OP ilbhliantúil 2022-2023 don Spáinn, cuirtear síneadh breise leis an tacaíocht don ghlacadh agus d'fhéadfaí réimsí nua a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh tacaíochta a shainaithint. Táthar ag súil go leanfar leis an tacaíocht d'fhorbairt agus do chur chun feidhme samhla nua maidir le glacadh chuig an bpríomhpháirtí leasmhara, an Rúnaí Stáit um Imirce laistigh den Aireacht um Chuimsiú, Seirbhísí Sóisialta agus Imirce (SEM), agus go leathnófar an tacaíocht sin. Díreoidh sí ar thuilleadh forbartha agus ar thacaíocht ina dhiaidh sin le cur chun feidhme na samhla náisiúnta nua, lena n-áirítear na próisis bainistithe athruithe eagraíochtúla is gá. Díreoidh tacaíocht shonrach maidir le himscaradh ASTanna ar thacú leis an SEM chun an cumas inmheánach a fhorbairt d'fhonn a fhreagrachtaí a chur chun feidhme go héifeachtach faoin tsamhail náisiúnta a comhaontaíodh maidir le glacadh sa Spáinn. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de chúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil d'ionaid chéad teachta atá faoi bhrú agus d'ionaid ghlactha nua a d'fhéadfadh a bheith ann. Is iad na réimsí téamacha a mbeidh tacaíocht shonrach acu mionaoisigh neamhthionlactha (UAManna) agus catagóirí leochaileacha eile. Thosaigh an Ghníomhaireacht ag fiosrú leis an Aireacht um Chearta Sóisialta na féidearthachtaí maidir le comhoibriú i réimse na UAManna faoi fhreagracht na réigiún uathrialaitheach. D'aithneofaí réimsí tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus d'fhéadfaí oiliúint agus cúnamh teicniúil a áireamh iontu. Cuirfear plean sonrath oiliúna agus forbartha gairmiúla chun feidhme freisin chun a áirithiú go mbeidh na hionchuir oiliúna is gá ag an SEM chun cur chun feidhme éifeachtach na samhla nua agus na sreafaí oibre bailíochtaithe éagsúla a áirithiú mar a thuairiscítear. Táthar ag súil gur féidir tacaíocht a thabhairt, faoi 2023, maidir le comhlíonadh gealltanais athlonnaithe lasmuigh de raon feidhme OP laistigh de plean tionscadail sonrath. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta chun TPD a chur chun feidhme agus tabharfaidh sí tacaíocht do chur chun feidhme na bpróiseas VR a bhaineann leis an sásra comhair/leis an dlúthpháirtíocht i measc Bhallstáit an AE.</p>		

2.1.6 An Chéad Fhreagairt Oibríochtúil agus Gníomhaíochtaí Oibríochtúla Eile

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 16,849,185 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil)	EUR 4,954,147 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil)
Acmhainní daonna	15 TA, 49 CA & SNE	7 TA, 3 CA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
Ullmhacht don fhreagairt		
<p>Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht a freagairt oibríochtúil a chaighdeánú níos mó agus níos mó, trí leanúint den mhéid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - catalóg oibríochtúil tearmainn agus glactha a fhorbairt, saineolas teicniúil a fheabhsú, agus nósanna imeachta éifeachtúla riaracháin agus feidhmeanna tacaíochta a chur ar fáil; - anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht i ndáil le naisc agus comhpháirtíochtaí a bheith ann le gníomhaireachtaí agus le hinstitiúidí eile de chuid an AE agus tacaíocht oibríochtúil á cur ar fáil; - dul i dteagmháil leis na Ballstáit maidir lena sásraí inmheánacha ullmhachta agus pleanála teagmhais i ndáil le cásanna ina bhfuil brú díréireach nó éigeandáil dhíréireach, chun creataí agus sásraí atá sioncronaithe agus comhlántach san fhadtárma a bhunú agus/nó a fheabhsú; - plean freagartha tosaigh a leagan amach chun freastal ar riachtanais oibríochta nua le linn na chéad tréimhse socraithe agus freagartha. 		
An chéad fhreagairt oibríochtúil		
<p>Beidh freagairt oibríochtúil na Gníomhaireachta bunaithe ar Chreat Ullmhachta agus Céadfheartha atá bunaithe agus dea-struchtúrtha. Tar éis measúnú mear ar riachtanais a dhéanamh, tabharfar an chéad fhreagairt ar bhonn OP comhaontaithe nó plean tionscadail sonrath, agus cuirfear ar fáil í ar bhealach éifeachtach i bhfoirm beart spriocdhírthe chun tacú leis na Ballstáit atá faoi bhrú ar leith.</p>		
Tacaíocht d'iarraitais ó na Ballstáit agus do ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile		
<p>Ó mhí Iúil 2022, cuirtear cúnamh oibríochtúil agus teicniúil bunaithe ar OPanna gearrthéarmacha ar fáil don Laitvia, don Bheilg, don Rómáin, don Ísiltír agus do Phoblacht na Seice arna dtabhairt i gcrích ag deireadh 2022 agus don Liotuáin go dtí Meitheamh 2023, agus táthar ag súil le tuilleadh iarraitas ar thacaíocht ó Bhallstáit eile. Saineofar leanúint den tacaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt do na Ballstáit sin bunaithe ar mheasúnuithe riachtanas tiomnaithe agus ar phróisis tosaíochta i gcomhréir le forálacha Rialachán EUAA agus Lámhleabhar um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil na Gníomhaireachta agus modheolaíocht deartha pleananna. Ar an gcaoi chéanna, tá baint ag an nGníomhaireacht le scéim aistriúithe dheonaigh ón Moldóiv a chur chun feidhme do thairbhíthe de chosaint shealadach, arna comhordú ag an gCoimisiún Eorpach. D'fhéadfaí tuilleadh rannpháirtíochta féideartha a bheartú dá leathnófaí an clár. De bhreis ar na gníomhaíochtaí oibríochtúla thuasluaite agus ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil, déanfaidh an Gníomhaireacht a tacaíocht oibríochtúil a leathnú tuilleadh bunaithe ar riachtanais na mBallstát atá ag teacht chun cinn chun acquis tearmainn an AE a chur chun feidhme go hiomlán agus chun freagairt do bhrú díréireach ar a gcórais tearmainn agus glactha. Is i bhfoirm bearta spriocdhírthe a chuirfear an tacaíocht ar fáil do na Ballstáit a bhfuil riachtanais áirithe shainaitheanta agus shonracha acu a bhaineann le CET a chur chun feidhme go comhleanúnach agus go cuimsitheach.</p>		

2.1.7 Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
--	-------------------	----------------



Acmhainní airgeadais	EUR 4,129,030 (BL 3203 Gné sheachtrach - Athlonnú)	EUR 1,536,115 (BL 3203 Gné sheachtrach - Athlonnú)
Acmhainní daonna	4 TA, 1 CA & SNE	4 TA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Déanfaidh an Gníomhaireacht, i ndlíthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, an comhordú lárnach ar chlár um Athlonnú uile-AE agus thíortha AE+ a fhorbairt tuilleadh agus a fheabhsú. Tacóidh an Gníomhaireacht, arna iarraidh sin, le clár um Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil tíortha AE+ a phleanáil agus a chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí tacaíochta saincheaptha. Tríd an Líonra um Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil a seoladh in 2020, éascóidh an Gníomhaireacht comhar, comhordú agus úsáid uirlisí forbartha acmhainne. Arna iarraidh sin agus bunaithe ar riachtanais tíortha AE+, déanfaidh an Gníomhaireacht comhordú ar an gcomhar teicniúil agus éascóidh sí comhroinnt na tacaíochta bonneagair agus lóistíochta. Beidh an Gníomhaireacht rannpháirteach i gcur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích le tíortha lasmuigh den AE i réimse an athlonnaithe, faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an MB. Leanfaidh an Gníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt do phleanáil agus do chur chun feidhme Clár Urraíochta Pobail agus Conairí Comhlántacha don chosaint idirnáisiúnta le tíortha leasmhara AE+.</p>		

2.2 Tacaíocht oibríochtúil, clársceidealú, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí

2.2.1 Bainistíocht Imscartha agus Feidhmíochta

	2023 (beartaithe)	2021 (iarrbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 1,576,553 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil)	EUR 441,774 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil)
Acmhainní daonna	2 TA, 8 CA & SNE	2 TA, 3 CA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfar d'imscaradh ASTanna a bhainistiú trí na sásraí imscartha, na sreafaí oibre agus na córais chomhlántacha, lena n-áirítear na timthriallta pleanála bliantúla a bhaineann le saineolaithe ó na Ballstáit do na OPanna agus Uainchlár na saineolaithe seachtracha a fhaigheann luach saothair. Leanfaidh an Gníomhaireacht den chreat le haghaidh bainistiú imscartha a neartú chun mearfheagairt a chur ar fáil, tacaíocht a uas-scálú go solúbtha agus tacaíocht a laghdú do na Ballstáit, go háirithe i gcásanna ina bhfuil brú díréireach ann. Dá bhrí sin, leanfaidh an Gníomhaireacht d'fheabhas a chur ar na huirlisí chun tacú lena riachtanais imscartha. Tar éis an creat imscartha a fhorbairt tuilleadh, déanfar meastóireacht ar chur chun feidhme shocruithe bainistíochta shásraí imscartha na Gníomhaireachta agus déanfar athbhreithniú breise orthu. Déanfaidh an Gníomhaireacht athbhreithniú ar a bhfeidhmiú chomh maith leis na cleachtaí pleanála bliantúla chun saineolaithe ó na Ballstáit a ainmniú agus a imscaradh agus maidir le comhdhéanamh agus úsáid sásraí imscartha comhlántacha, agus déanfaidh sí iad a fheabhsú tuilleadh nó a oiriúnú i gcás inar gá. Úsáidfídh an Gníomhaireacht roinnt uirlisí chun a gníomhaíochtaí oibríochtúla a chur chun feidhme agus forbróidh sí na huirlisí sin tuilleadh. Leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt do shaineolaithe imscartha ar fhaisnéis agus ar threoir trí nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar na hArdáin Oibríochtaí Tíre. Cuirfidh an Gníomhaireacht feabhas leanúnach ar fheidhmíocht, ar sheachadadh agus ar cháilíocht a cúnaimh oibríochtúil agus theicniúil. Éascóidh an Gníomhaireacht malartú eolais agus faisnéise maidir le nósanna imeachta agus cáilíocht.</p>		



2.2.2 Clársceidealú Oibríochtaí

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 202,892 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil)	EUR 13,700 (3301 Tacaíocht Oibríochtúil)
Acmhainní daonna	6 TA, 6 CA & SNE	3 TA, 3 CA & SNE
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Tá oibríochtaí na Gníomhaireachta bunaithe ar phróisis fhónta chlársceidealaithe, chur chun feidhme agus fhaireacháin. Leis an gclársceidealú áiritheofar go mbeidh dearadh agus pleanáil clár agus tionscadal i gcomhréir leis na straitéisí atá leagtha amach ar leibhéal na Gníomhaireachta agus leis an modheolaíocht oibríochtúil a glacadh. Beidh an chatalóg oibríochtúil tearmainn agus glactha nasctha le Lámhleabhar um Chúnadh Oibríochtúil agus Teicniúil na Gníomhaireachta chun a áirithiú go ndéanfar í a chomhtháthú go héifeachtach sa mhodheolaíocht fhoriomlán um chlárú oibríochtúil. Úsáidfeadh faireachán dílis chun faireachán oiriúnaitheach éifeachtach a áirithiú agus, ag an am céanna, úsáidfeadh meascán de mheastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha chun meastóireachtaí machnamhacha a sholáthar. Cuirfeadh torthaí na ngníomhaíochtaí faireacháin agus na meastóireachta san áireamh arís i dtimthriall na pleanála agus beidh siad mar bhonn eolais don chinnteoireacht maidir le tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil a sholáthar.</p>		

2.3 Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

2.3.1 An EAC a Dhearadh agus a Fhorbairt

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 1,552,500 (3201 Oiliúint)	EUR 926,070 (3201 Oiliúint)
Acmhainní daonna	19 TA, 4 CA & SNE	16 TA, 2 CA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Tá EAC ar cheann de phríomhuirlisí praiticiúla na Gníomhaireachta a chuireann le cur chun feidhme éifeachtach agus comhchuíbhithe CET. Clúdaíonn sé réimse iomlán na cosanta idirnáisiúnta chun cláir foghlama iomlána agus chuimsitheacha a chruthú d'oifigigh tearmainn agus ghlactha. Tá gach modúl deartha chun caighdeáin shonracha oideachais a dhíorthaítear ón gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála (ESQF) d'oifigigh thearmainn agus ghlactha a chomhlíonadh. Leanfaidh an Gníomhaireacht de thorthaí foghlama a dhearadh agus a athbhreithniú bunaithe ar na caighdeáin ghairme is gá do chúram sonrach, lena n-áirítear straitéisí measúnaithe chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn deonach, ar bhaint amach torthaí foghlama. Leanfaidh an Gníomhaireacht d'úsáid a bhaint as léargas ó anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil ar aiseolas ón bhfoghlaimoir chun bonn eolais a chur faoi dhearadh an ábhair foghlama agus chun luach d'fhoghlaimoirí a mhéadú. Chomh maith le comhaltaí an Ghrúpa Tagartha, beidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha agus an Fóram Comhairliúcháin rannpháirteach i bhforbairt na hoiliúna. Leanfar den chomhar le gníomhaireachtaí eile AE agus neartófar é i gcás inarb ábhartha chomh maith leis an gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis an saol acadúil. Neartóidh an Gníomhaireacht deiseanna foghlama d'oiliúnóirí le haghaidh oiliúnóirí agus d'oiliúnóirí le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha, agus cuirfidh sí uasoiliúint orthu, trí chúrsaí oiliúna sonracha chomh maith le gearrchúrsaí a fhorbairt. Aistroidh an Gníomhaireacht ábhar oiliúna go teangacha náisiúnta chun tacú le cur chuige oiliúint don oiliúnóir.</p>		

2.3.2 Oiliúint EUAA a chur i gcrích

2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
-------------------	----------------



Acmhainní airgeadais	EUR 497,500 (3201 Oiliúint)	EUR 275,496 (3201 Oiliúint)
Acmhainní daonna	17 TA	16 TA
Forbhreathnú ar an gníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Gníomhaireacht dá comhar le riaracháin náisiúnta thíortha AE+ a neartú, trí mhodúil foghlaimeoirí agus cúrsaí oiliúnóirí EUAA a phleanáil, a eagrú, a sheachadadh agus a mheas. Leanfaidh an Gníomhaireacht d'úsáid a bhaint as modhanna foghlama éagsúla. Chun éifeacht iolraitheora a chothú, leanfaidh an Gníomhaireacht de chur chun feidhme a modúl agus a cúrsaí d'oiliúnóirí. Leanfaidh an Gníomhaireacht freisin de churaclam na bhfoghlaimeoirí maidir le hoifigigh thearmainn agus ghlactha a sholáthar agus tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun seisiúin oiliúna náisiúnta a chur ar fáil sa churaclam. Chun conairí solúbtha foghlama a bhainistiú agus chun a áirithiú go mbeidh na cláir comhsheasmhach agus ábhartha do riachtanais oiliúna, oibreoidh an Gníomhaireacht go dlúth leis na NCPanna Oiliúna ábhartha ar bhonn riachtanas. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag freagairt go gníomhach do chur chun feidhme OPanna agus tacóidh sí leis an gcur chun feidhme sin. Leanfaidh an Gníomhaireacht freisin d'oiliúint oibríochtúil struchtúrtha agus fhoirmiúil a chur ar fáil do na saineolaithe go léir a bhfuil baint acu lena gníomhaíochtaí oibríochtúla. Leanfaidh an Gníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainneachta agus do gníomhaíochtaí a bhaineann le hoiliúint i dtríú tíortha a thagann faoi raon feidhme ECS. Chun críche a gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha gairmiúla a phleanáil agus a chlársceidealú, comhoibreoidh an Gníomhaireacht tuilleadh le páirtithe leasmhara éagsúla.</p>		

2.3.3 An Creat um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna a Chur Chun Feidhme

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhir)
Acmhainní airgeadais	EUR 584,000 (3201 Oiliúint)	EUR 602,525 (3201 Oiliúint)
Acmhainní daonna	8 TA, 2 CA & SNE	6 TA, 1 CA & SNE
Forbhreathnú ar an gníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag ullmhú don Acadamh EUAA a bhunú - ar soláthraí cáilíochta ceadúnaithe agus creidiúnaithe é. Mar sholáthraí oiliúna do na Ballstáit, áirithíonn an Gníomhaireacht gur ar ardchaighdeán atá an oiliúint a dheantar agus a chuirtear ar fáil. Déantar an prionsabal uileghabhálach sin a shaothrú trí bhearta dearbhaithe cáilíochta éagsúla, arb é is aidhm dóibh páirtithe leasmhara a chur ar a suaimhneas maidir le cáilíocht na hoiliúna. Le cur chun feidhme na Straitéise Oiliúna agus Foghlama, tá céimeanna nithiúla glactha ag na Ballstáit i dtreo na físe fadtéarmaí d'Acadamh EUAA maidir le ceadúnú agus creidiúnú a bhaint amach, rud a áiritheoidh tuilleadh go mbeidh comhchóras oiliúna ann d'oifigigh a bhíonn ag obair i réimse an tearmainn agus an ghlactha. Leanfaidh an Gníomhaireacht de chur chuige níos cuimsithí a ghlacadh maidir le measúnú, faireachán agus meastóireacht riachtanas, lena gcuimsítear dearbhú cáilíochta inmheánach freisin. Glacfaidh an Gníomhaireacht páirt i bhforbairt, monatóireacht leanúnach, athbhreithnithe tréimhsiúla agus tuairisciú ar a gníomhaíochtaí oiliúna chomh maith le dearbhú cáilíochta oiliúna ar mhodúil, cláir as a n-eascaíonn cáilíochtaí a aithnítear go foirmiúil. Cinnteoidh an Gníomhaireacht gur féidir le rannpháirtithe san oiliúint aiseolas a thabhairt agus gearáin a chur isteach, lena n-áirítear achomhairc mheasúnaithe. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag idirchaidreamh agus ag comhordú le grúpaí agus painéil sheachtracha a bhfuil baint acu le saincheisteanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta oiliúna. Neartóidh an Gníomhaireacht a tacaíocht do riaracháin náisiúnta agus d'oiliúnóirí chun a áirithiú go gcuirfead bearta an Chreata um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna chun feidhme go comhsheasmhach. Trí rannpháirtíocht leis an nGrúpa Comhairleach um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna agus leis an Meitheal um Dheimhniú agus um Chreidiúnú, cuirfidh an Gníomhaireacht comhroinnt saineolais agus dea-chleachtas chun cinn ina leith sin.</p>		

Leanfaidh an Gníomhaireacht d'fhaireachán a dhéanamh ar bharántúlacht ESQF feadh an timthrialla oiliúna agus déanfaidh sí ullmhúcháin chuimsitheacha d'athbhreithniú seachtrach ar cháilíocht. Leanfaidh an Gníomhaireacht de Thuarascáil Oiliúna a chur ar fáil ina ndéanfar nuashonrú bliantúil cuimsitheach ar oiliúint EUAA ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE.

2.3.4 Éiceachóras Teicneolaíochta Foghlama atá dírithe ar an Úsáideoir a chur i bhfeidhm

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 326,000 (3201 Oiliúint)	EUR 524,919 (3201 Oiliúint)
Acmhainní daonna	2 TA, 3 CA & SNE	2 TA, 4 CA & SNE

Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht

Leanfaidh an Gníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí a Éiceachórais Teicneolaíochta Foghlama (LTE), i gcomhréir le Straitéis Oiliúna agus Foghlama EUAA agus leis an gCreat um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna. Cuirfear é sin i gcrích trí sheirbhísí clárúcháin foghlaimeoirí, cúrsaí agus modúil ar líne, agus tacaíocht chothrománach ón Deasc Freastail a chur ar fáil. Déanfaidh an Gníomhaireacht gnéithe a LTE a chothabháil agus a uasghrádú agus déanfaidh sí comhtháthú comhpháirteanna breise a chomhdhlúthú de réir a chéile chun comhsheasmhacht eispéireas an úsáideora deiridh a áirithiú ar fud na n-ardán chomh maith leis na n-uirlisí chun oiliúint a chur ar fáil. Cuirfidh an Gníomhaireacht feabhas ar chumas an Lárionaid Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla maidir le feidhmchláir dhigiteacha a úsáid chun tacú le hoiliúint, foghlaim agus measúnú foirmiúil. Neartóidh an Gníomhaireacht bealaí cumarsáide le comhlachtaí agus le heagraíochtaí eile maidir le cur i bhfeidhm nuálach teicneolaíochtaí foghlama agus dearadh ríomhfhoghlama le haghaidh oiliúna agus forbartha gairmiúla, d'fhonn cleachtais a mhalartú agus sineirgí a spreagadh.

2.4 Eolas Tearmainn

2.4.1 Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh agus Treoir do Thíortha

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 2,514,000 (3101 Taighde Tríú Tír)	EUR 1,350,729 (3103 Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh)
Acmhainní daonna	32 TA, 9 CA & SNE	30 TA, 7 CA & SNE

Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht

Déanfaidh an Gníomhaireacht tuarascálacha um fhaisnéis faoin tír tionscnaimh (COI), freagairtí fiosrúcháin agus táirgí eile maidir le tríú tíortha ábhartha agus saincheisteanna téamacha a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, bunaithe ar thaighde deisce, ar agallaimh le saineolaithe agus b'fhéidir ar mhisin aimsithe fíoras. Díreoidh an Gníomhaireacht ar Thairseach nua COI a fhorbairt agus a imscaradh. Faoi chuimsiú líonraí COI, leanfaidh an Gníomhaireacht d'fheabhas a chur ar chomhar praiticiúil maidir le COI, le giniúint eolais agus le forbairt acmhainneachta. Déanfaidh an Gníomhaireacht tacaíocht oibríochtúil COI a threisiú do na Ballstáit a chumhdaítear faoi OPanna agus leanfaidh sí dá gníomhaíochtaí COI i dtríú tíortha faoi chuimsiú an ECS. Leanfaidh an Gníomhaireacht de MedCOI iontaofa a sholáthar, ag brath ar líonraí domhanda saineolaithe leighis a sholáthraíonn faisnéis atá cothrom le dáta maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht idirghabhálacha leighis i dtíortha tionscnaimh iarrthóirí tearmainn. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, cuirfidh foireann MedCOI freagraí ar fáil d'iaratais aonair ó thíortha AE+, tuarascálacha ginearálta leighis ar thíortha, agus coinneoidh siad bunachar sonraí ina bhfuil an fhaisnéis.



Déanfaidh an Gníomhaireacht, i gcomhar leis na Ballstáit, treoir do thíortha a fhorbairt, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun tacú le hobair lucht déanta cinntí agus lucht ceaptha beartas tearmainn san AE+ agus chun tacú leis na hiarrachtaí chun fíorchóineasú a bhaint amach. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí for-rochtana atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'úsáid na treorach do thíortha sa chinnteoireacht náisiúnta.

2.4.2 Feasacht Staide

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 1,095,000 (3101 Faisnéis agus Anailís) (3102 Anailís sonraí agus taighde)	EUR 619,333 (3101 Córas Faisnéise agus Doiciméadúcháin agus Tuarascáil Bhliantúil) (3102 Anailís sonraí agus taighde)
Acmhainní daonna	33 TA, 7 CA & SNE	29 TA, 6 CA & SNE

Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht

Bainistíonn an Gníomhaireacht ardáin éagsúla chun faisnéis agus anailís a sholáthar. Cuireann an Córas Faisnéise agus Doiciméadúcháin (IDS) faisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta i láthair maidir le heagrú na gcóras tearmainn agus glactha i dtíortha AE+. Is acmhainn phoiblí é Bunachar Sonraí Cásdlí na Gníomhaireachta a chuimsíonn an dlí-eolaíocht náisiúnta agus Eorpach is ábhartha a bhaineann le tearmann. Tá sé beartaithe go mbeidh an IDS ar fail go poiblí agus inrochtana do gach spriocphobal. Tacaíonn Córas Fiosrúcháin na Gníomhaireachta le malartú díreach faisnéise idir tíortha AE+ maidir le hábhair a bhaineann le tearmann, lena gcomhtháthaítear cineálacha éagsúla iarratas a scaiptear laistigh de líonraí/grúpaí téamacha éagsúla saeolaíche. Cuireann forbhreathnú agus anailís staide i láthair staid reatha na n-ábhar a bhaineann le CET atá oiriúnaithe do riachtanais shonracha faisnéise agus iarratais na bpáirtithe leasmhara. Déanfar tuilleadh forbartha ar thorthaí feasachta staide agus béim á leagan ar scaipeadh poiblí.

Cuireann an phunann Anailíse Sonraí agus Taighde le feasacht staide trí thrí phríomhréimse oibre. Déantar an comhoibriú le tíortha AE+ a bhainistiú trí líonraí an Chórais Luathrabhaidh agus Ullmhachta. Leanfaidh Mol Sonraí EUAA de mhalartú tapa sonraí caighdeánaithe a áirithiú agus de bhailiú sonraí oibríochtúla agus anailís ghaolmhar a dhearadh, a mhaoirsiú agus a bhainistiú. Leanann an Gníomhaireachtde chóras le haghaidh réamhrabhaidh agus réamhaisnéise ar shreafaí measchta imirce chuig an AE+ agus laistigh den AE a fhorbairt chun tacú le hullmhacht agus le pleanáil theagmhasach. Leanfaidh sé d'acmhainn a fhorbairt le haghaidh anailís réamhbhreathnaitheach agus anailís ar chásanna, agus leanfaidh sé de mhaoirseacht a dhéanamh ar chóras suirbhéanna ar mhórscála chun teistiméireachtaí a bhailiú ó iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ó thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta san AE+. Is é is aidhm d'anailís straitéiseach foinsí éagsúla faisnéise a chomhcheangal chun anailís chuimsitheach a dhéanamh ar chúrsaí tearmainn san AE+ agus iad a chur in iúl do réimse leathan páirtithe leasmhara seachtracha.

Sa Tuarascáil maidir le Tearmann tugtar anailís chuimsitheach chomparáideach ar fhorbairtí i réimse an tearmainn ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Déanfar é a shuibhriú tuilleadh le gnéithe speisialta agus le rannóga téamacha, ag díriú ar ábhair ábhartha i ndíospóireachtaí poiblí. Déanfar gníomhaíochtaí for-rochtana chun úsáid ardán agus táirgí feasachta staide ag an bpobal a chur chun cinn.

2.4.3 Comhar agus Treoir maidir le Tearmann agus Glacadh

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 4,311,705	EUR 3,080,613

	(3202 Comhar agus Treoir maidir le Tearmann)	(3202 Próisis Tearmainn)
Acmhainní daonna	37 TA, 10 CA & SNE	35 TA, 10 CA & SNE
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Gníomhaireacht de chomhar praiticiúil a spreagadh trí líonraí téamacha maidir le próisis tearmainn, eisiámh, Baile Átha Cliath, glacadh, leochaileacht agus cúirteanna agus binsí. Eagrófar comhar níos doimhne idir tíortha AE+ agus forbairt acmhainneachta na dtíortha sin mar chláir mhalartaithe. Spreagtar idirphlé breithiúnach trí ghníomhaíochtaí atá dírithe go sonrach ar chomhaltaí cúirteanna agus binsí. Tacóidh an Gníomhaireacht tuilleadh le córais ghlacktha i gcomhréir lena Straitéis maidir le Glacadh. Leanfaidh an Gníomhaireacht de mhodhanna, uirlisí agus idirghabhálacha a chur ar fáil do bhainisteoirí agus do bhaill foirne i dtíortha AE+ chun folláine na foirne a fheabhsú. Díreoidh an Gníomhaireacht ar úsáid éifeachtach a bhaint as Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus leanfaidh sí dá comhar le gníomhaireachtaí an AE chun a áirithiú go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as Eurodac agus as réitigh theicniúla a bhaineann le Baile Átha Cliath. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag comhoibriú lena díorma bunaithe saeolaithe breithiúnacha agus le breithiúna. Tabharfaidh an Gníomhaireacht tacaíocht bhreise d'idirphlé breithiúnach trasnáisiúnta trí ghníomhaíochtaí forbartha acmhainneachta. Beidh an Gníomhaireacht ag brath níos mó agus níos mó ar anailís cásdlí chun tionchar a cuid oibre a thomhas ar bhealach níos fearr. Leanfaidh an Gníomhaireacht de chomhchaighdeáin oibríochtúla, táscairí, treoirlínte agus dea-chleachtais maidir le tearmann agus glacadh a fhorbairt agus a chur chun cinn. Cuirfidh an Gníomhaireacht moltaí na meastóireachta seachtraí chun feidhme maidir le cáilíocht, le húsáideacht agus le tionchar a treoracha agus a huirlisí praiticiúla. I gcomhréir leis an Straitéis Nuálaíochta Digiteach, cuirfidh an Gníomhaireacht ardán ar fáil chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun obair a dhéanamh ar uirlisí TF a fhorbairt, a oiriúnú agus a chur chun cinn. Leanfaidh uirlisí praiticiúla, caighdeáin agus táscairí, treoir agus comhairle theicniúil agus saeolas teicniúil na Gníomhaireachta de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme OPanna agus d'fhorbairt acmhainneachta sa ghné sheachtrach.</p>		

2.4.4 Faireachán a dhéanamh ar Chur i bhFeidhm Oibríochtúil agus Teicniúil CET

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 300,000 (3501 Faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm CET)	Neamhbhainteach
Acmhainní daonna	0 TA	Neamhbhainteach
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Gníomhaireacht dá hullmhúcháin chun a feidhm faireacháin nua a chur i bhfeidhm de réir a chéile (ag tosú le scéim phíolótach in 2024), trí mhodheolaíocht a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET agus chun clár faireacháin a dhréachtú, a bheidh le glacadh ag Bord Bainistíochta EUAA tar éis an 31 Nollaig 2023. Déanfaidh foireann inmheánach tionscadail na hullmhúcháin sin ar dtús agus áireofar ann comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara sa sásra faireacháin.</p>		

2.5 Cearta bunúsacha a chosaint

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 51,500	Neamhbhainteach



	(3701 - Cearta bunúsacha a chosaint)	
Acmhainní daonna	3 TA	Neamhbhainteach
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Bunóidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) Straitéis um Chearta Bunúsacha agus, a luaithe a ghlacfar í, áiritheoidh sé nó sí go gcuirfear chun feidhme í. Déanfaidh an FRO sásra gearán a bhunú agus a riar ar deireadh chun faireachán a dhéanamh ar an urraim do chearta bunúsacha i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta agus chun a áirithiú go n-urramófar na cearta sin. Féadfaidh láithreáin na ngníomhaíochtaí oibríochtúla a bheith faoi réir cuairteanna ag an FRO, le toiliú an Bhallstáit lena mbaineann. Agus a chuid dualgas á gcomhlíonadh aige, comhoibreoidh an FRO leis an CF agus téitear i gcomhairle leis maidir leis na OPanna, agus meastóireacht á déanamh ar chúnamh oibríochtúil agus teicniúil na Gníomhaireachta, ar chód iompair EUAA agus ar EAC.</p>		

2.6 Gníomhaíochtaí Cothrománacha

2.6.1 An Fóram Comhairliúcháin agus an tSochaí Shibhialta

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 160,000 (3401 Comhar leis an tsochaí shibhialta)	EUR 78,547 (3401 Comhar leis an tsochaí shibhialta)
Acmhainní daonna	2 TA	2 TA
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Saothrófar comhar treisithe idir an Gníomhaireacht agus an tsochaí shibhialta faoi chuimsiú an Fhóraithe Chomhairliúcháin (CF) Tar éis cinneadh an MB a ghlacadh i mí an Mheithimh 2022 maidir le comhdhéanamh an CF agus leis na coinníollacha chun faisnéis a tharchur ina leith, beidh ar an CF a mhodhanna oibre a ghlacadh. Leanfaidh an Gníomhaireacht de dhul i gcomhairle leis an bhfóram maidir le príomhdhoiciméid. Leanfar le cuireadh a thabhairt do CSOnna roghnaithe páirt a ghlacadh i réimsí téamacha éagsúla. Leanfaidh an Gníomhaireacht de sheimineáir ghréasáin faisnéise agus/nó ceardlanna a eagrú chun malartú faisnéise agus comhthiomsú eolais a chomhlánú. Glacfaidh an Gníomhaireacht páirt ghníomhach i líonraí na sochaí shibhialta i réimse an tearmainn agus rannchuideoidh sí le gníomhaíochtaí CFanna de chuid Gníomhaireachtaí JHA eile.</p>		

2.6.2 Rialachas

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 240,000 (3402 Comhar le Páirtithe Leasmhara)	EUR 190,177 (3402 Comhar le Páirtithe Leasmhara)
Acmhainní daonna	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag neartú an chaidrimh leis na páirtithe leasmhara, ag áirithiú go bhfuil a cuid gníomhaíochtaí dea-chomhordaithe, comhsheasmhach le tosaíochtaí ábhartha an AE, ag ardú feasachta faoina cuid oibre agus ag cur bonn eolais faoi fhorbairt beartais agus reachtach. Leanfar den chomhar leis na páirtithe leasmhara ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal ard. Leanfar den chomhar le gníomhaireachtaí eile AE trí líonraí éagsúla agus Socruithe Oibre, Malartú Litreacha agus Pleananna Comhair. Beidh Cathaoirleacht Líonra na nGníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile ag an nGníomhaireacht in 2023. Leanfaidh an Gníomhaireacht den chomhar agus comhordú cothrománach le heagraíochtaí idirnáisiúnta a neartú. Leanfaidh an</p>		



Ghníomhaireacht de bheith ag obair ar Oifigigh Idirchaidrimh a imscaradh chuig na Ballstáit agus ar imscaradh féideartha chuig tríú tíortha.

Leanfaidh EASO den sárchaidreamh atá ar bun le fada leis na meáin a chothú, agus a áirithiú go mbeidh idirghníomhaíocht fhairsing ann leis an bpreas. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith i dteagmháil leis na meáin go rialta le haghaidh seisiúin faisnéise don phreas, lena n-áirítear i bpríomhchathracha agus sa Bhruiséil. Déanfar rannpháirtíocht dhíreach leis na saoránaigh a threisiú freisin. Leanfar de phean cumarsáide inmheánach na Ghníomhaireachta do 2023 a fheabhsú go mór trí imeachtaí, foilseacháin agus doiciméid agus uirlisí inmheánacha.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag féachaint le lánchomhlíonadh agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht a córais rialaithe inmheánaigh a bhaint amach, arna threisiú leis an bhfeidhm rialaithe ex post. Déanann Seirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh athbhreithniú agus meastóireacht ar phróisis bainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe inmheánaigh na Ghníomhaireachta.

Áirithíonn an Ghníomhaireacht go bhfuil cur chun feidhme an Chláir Oibre i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Cuirtear comhairle dlí ar fáil maidir le cúrsaí riaracháin éagsúla agus maidir le tacaíocht oibríochtúil. Áirítear orthu sin freisin rochtain phoiblí ar iarratais ar dhoiciméid a láimhseáil, déileáil le gearáin a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, ionadaíocht a dhéanamh ar an nGníomhaireacht os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh agus le páirtithe leasmhara seachtracha eile. Faoin Rialachán maidir le Cosaint Sonraí, ní mór measúnú tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála ar dócha go mbeadh ardriosca ag baint leo maidir le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht feabhas breise ar a cuid iniúlachtaí ó thaobh na pleanála corparáidí, an fhaireacháin agus an tuairiscithe de, lena n-áirítear cleachtaí réamhaisnéisithe, cleachtaí beartú tosaíochta agus cleachtaí pleanála teagmhasaí. Leanfar leis an obair ullmhúcháin ar an gcreat le haghaidh bhainistiú phunann eagraíochtúil na Ghníomhaireachta maidir le cláir, tionscadail agus gníomhaíochtaí gnó.

Nuair a bheidh céim ullmhúcháin tosaigh tugtha chun críche, tá an Ghníomhaireacht ag súil le tionscadal a sheoladh chun córas bainistíochta comhshaoil a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le ceanglais scéim an AE um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil. Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá meastóireachtaí atá beartaithe a dhéanamh i gcomhréir leis an gcreat meastóireachta.

2.6.3 Tacaíocht Tríú Tír

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	EUR 1,574,500 (BL 3203 Gné sheachtrach – Tacaíocht do Thríthiú Tíortha LL)	EUR 597,198 (BL 3203 Gné sheachtrach – Tacaíocht do Thríthiú Tíortha LL)
Acmhainní daonna	4 TA, 2 CA & SNE	4 TA, 2 CA

Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht

I gcomhréir le ECS agus faoi chuimsiú bheartas caidrimh sheachtraigh an AE, comhoibreoidh an Ghníomhaireacht le húdarais tríú tíortha chun (i) caighdeán an Aontais maidir le tearmann agus glacadh a chur chun cinn, (ii) cúnaimh a thabhairt do thríú tíortha saineolas a rochtain agus a gcórais tearmainn agus ghlactha a neartú, (iii) cláir imirce atá íogair ó thaobh na cosanta de agus forbartha réigiúnaigh a chur chun feidhme, mar aon le gníomhaíochtaí eile. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de thacaíocht forbartha acmhainneachta a chur ar fáil do thríú tíortha tábhachtacha agus éascóidh sí comhar oibríochtúil idir tíortha AE+ agus tríú tíortha, trí






phróiseas aontachais an AE a chur san áireamh freisin. Cuirfear tacaíocht do thríú tíortha chun feidhme, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí atá curtha in áirithe ag tíortha AE+ do thionscnaimh tionscadail agus trí mhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach. Cuirfidh an Gníomhaireacht tacaíocht ar fáil i ndlúthchomhar le creat na dtionscnaimh réigiúnach ábhartha. Déanfar idirghabhálacha na Gníomhaireachta chun tacú le tríú tíortha i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara éagsúla. Déantar an tacaíocht a chomhordú freisin tríd an Líonra um Chomhar Tríú Tíortha agus a Ghrúpaí Oibre do réigiún na mBalcán Thiar, na Tuirce agus an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh.

2.6.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

	2023 (beartaithe)	2021 (iarbhír)
Acmhainní airgeadais	Neamhbhainteach (Gan foráil Theideal 3)	Neamhbhainteach (Gan foráil Theideal 3)
Acmhainní daonna	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht		
<p>Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag díriú ar chaighdeánú na bainistíochta faisnéise, ag forbairt léargas ar chumais TF CET agus ag tógáil an ionaid oibre 'aon áit' chun leanúnachas gnó agus inoiriúnaitheacht i dtimpeallachtaí athraitheacha a áirithiú. Tá na gníomhaíochtaí dírithe ar thacú le hathrú leanúnach eagraíochtúil agus ar theicneolaíocht a ghíaráil trí phleanáil, comhtháthú agus daingniú na faisnéise agus na teicneolaíochta i gceart. Díreofar ar ardáin chomhoibríthe a chaighdeánú, ar sceidealú agallaimh agus físchomhdhála a chur ar bun, ar an stór sonraí eagraíochtúil a fhorbairt agus ar eispéreas ilroinnte úsáideoirí na bhfeidhmchlár TFC a réiteach. Tá tuiscint ar chumais TFC na mBallstát fós ina phríomhchuspóir freisin.</p>		



Iarscríbhinn I Cairt Eagraíochta



Iarscríbhinn II Leithdháileadh Acmhainní in aghaidh na Gníomhaíochta

Gníomhaíocht	An bhliain 2023		
	TA	CA & SNE	Buiséad leithdháilte (C1)
2.1 Tacaíocht oibríochtúil	51	83	EUR 91,895,565
2.1.1 An Iodáil	8	13	EUR 12,742,800
2.1.2 An Ghréig	12	7	EUR 36,477,700
2.1.3 An Chipir	6	10	EUR 12,133,850
2.1.4 Málta	2	1	EUR 6,013,000
2.1.5 An Spáinn	4	2	EUR 3,550,000
2.1.6 An chéad fhreagairt oibríochtúil agus gníomhaíochtaí oibríochtúla eile	15	49	EUR 16,849,185
2.1.7 Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil	4	1	EUR 4,129,030
2.2 Tacaíocht oibríochtúil agus uirlisí, clársceidealú, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí	8	14	EUR 1,779,445
2.2.1 Bainistíocht imscartha agus feidhmíochta	2	8	EUR 1,576,553
2.2.2 Clársceidealú, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí	6	6	EUR 202,892
2.3 Oiliúint agus forbairt ghairmiúil	46	9	EUR 2,960,000
2.3.1 Dearadh agus forbairt an Churaclaim Eorpaigh um Thearmann	19	4	EUR 1,552,500
2.3.2 Oiliúint EUAA a chur i gcrích	17	0	EUR 497,500
2.3.3 An Creat um Dhearbhú Cáilíochta Oiliúna a Chur Chun Feidhm	8	2	EUR 584,000
2.3.4 Éiceachóras Teicneolaíochta Foghlama atá dírithe ar an Úsáideoir a chur i bhfeidhm	2	3	EUR 326,000
2.4 Eolas tearmainn	102	26	EUR 8,220,705
2.4.1 Faisnéis faoin tír thionscnaimh agus treoir do thíortha	32	9	EUR 2,514,000
2.4.2 Feasacht staide	33	7	EUR 1,095,000
2.4.3 Comhar agus treoir maidir le tearmann agus glacadh	37	10	EUR 4,311,705
2.4.4 Faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET	0	p.m.	EUR 300,000
2.5 Cearta bunúsacha a chosaint	3	0	EUR 51,500

Gníomhaíocht	An bhliain 2023		
	TA	CA & SNE	Buiséad leithdháilte (C1)
2.6 Gníomhaíochtaí cothrománacha	6	2	EUR 1,974,500
2.6.1 An Fóram Comhairliúcháin agus an tsochaí shibhialta	2	0	EUR 160,000
2.6.2 Rialachas	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	EUR 240,000
2.6.3 Tacaíocht tríú tír	4	2	EUR 1,574,500
2.6.4 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Oibríochtúil IOMLÁN (Teideal 3)	216	134	EUR 106,881,715
Acmhainní arna leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí rialachais, ar ghníomhaíochtaí riaracháin agus ar ghníomhaíochtaí cothrománacha eile (Teideal 1, Teideal 2)	155	90	EUR 73,253,412
Fóirdheontas AE IOMLÁN	371	224	EUR 180,135,127
Deontais ad hoc (ioncam arna sannadh go seachtrach)	-	17	p.m.
IOMLÁN	371	241	EUR 180,135,127

